



An Garda Síochána

Cód Cleachtais

DRÉACHT

Teilifís Ciorcaid Iata Phoiblí (TCI)
Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) 2023

Dáta Éifeachta	**/**/2026
Uimh. an leagain	
Arna cheadú ag	An tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
Arna eisiúint ag	Feidhmeannas an Gharda Síochána
Arna Thionscnamh ag	Treoir na Ceanncheathrúncheannais ***/2026
Úinéir an Bheartais	Bíúró Náisiúnta Rannpháirtíochta Pobail an Gharda Síochána

Clár Ábhair

Clár Ábhair	2
1 Léargas Ginearálta	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Aidhmeanna & Cuspóirí	3
1.3 Comhthéacs Dlíthiúil (Raon Feidhme agus Feidhm)	3
1.4 Téarmaí & Sainmhínithe Iomchuí	4
1.5 Treoirphrionsabail	6
1.6 Samhail Chinnteoireachta An Gharda Síochána	7
1.7 Róil & Dualgais	7
1.8 Bonneagar TCI	7
2. Rúndacht, Slándáil, Stóráil, Rochtain, Coinneáil & Scríosadh Sonraí	10
2.1 Gabháil agus Cáilíocht Sonraí	10
2.2 Rúndacht Sonraí, Slándáil, Rochtain & Amharc	11
2.3 Rochtain ar Íomhánna TCI Poiblí agus Nochtadh Íomhánna TCI Poiblí do Thrú Páirtithe ...	11
2.4 Úsáid agus Rialachas Sonraí	12
2.5 Coinneáil & Diúscairt Sonraí	12
2.6 Oiliúint Foirne	13
3 Cearta Ábhar Sonraí	13
3.1 Comhlíonadh Cosanta Sonraí	13
3.2 Rochtain ag Ábhair Sonraí	13
3.3 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí	14
4 Chaighdeán & Tiomantas Eiticiúla	14
4.1 Údarás Formheasa	14
4.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú	14
4.3 Comhairliúchán	14
4.4 Foilsiú	14



1 Léargas Ginearálta

1.1 Réamhrá

Tá an Cód Cleachtais seo i gcomhréir le Cuid 5 d'Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023 (dá ngairtear “an tAcht” freisin). Tugann an tAcht isteach na coinníollacha lena rialaítear oibriú Teilifíse Ciorcaid Dhúnta Poiblí (TCI) in áit phoiblí. Áirítear leis sin an gá go mbeadh údarú i scríbhinn ó Choimisinéir an Gharda Síochána i ndáil le gach TCI poiblí a oibrítear i limistéir phoiblí.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo na caighdeáin maidir le hoibriú TCI Poiblí in áiteanna poiblí ag pearsanra den Gharda Síochána. Ní mór do TCI poiblí arna údarú faoi Chuid 5 den Acht a bheith i gcomhréir le reachtaíocht um chosaint sonraí agus leis na sonraíochtaí teicniúla iomchuí.

Is é an bunphrionsabal atá mar bhonn leis an mbeartas seo ná go gcaithfidh aon ghníomh a dhéantar cloí le bunphrionsabail na dlíthiúlachta, na riachtanachta, na comhréireachta agus na cuntasachta, chomh maith le beartais ábhartha agus Cód Eitice an Gharda Síochána, agus go gcuirfear i bhfeidhm é ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le prionsabail Bhunreacht na hÉireann, 1937, an Choinbhinsiún Eorpaigh um Chearta an Duine agus Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

1.2 Aidhmeanna & Cuspóirí

Mar gheall ar struchtúr Chuid 5 den Acht, leis an gCód Cleachtais seo bunaítear beartas an Gharda Síochána maidir le húsáid agus oibriú na nithe seo a leanas ag pearsanra an Gharda Síochána:

- Ceamaraí TCI agus bogearraí monatóireachta;
- láimhseáil taifeadtaí digiteacha/fianaise; agus
- fothaí beo ó TCI údaráis áitiúil a phróiseáil ag an nGarda Síochána

1.3 Comhthéacs Dlíthiúil (Raon Feidhme agus Feidhm)

Baineann an Cód Cleachtais seo leis an nGarda Síochána i bhfeidhmiú TCI Poiblí agus baineann an Cód Cleachtais le gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána. Tá foráil déanta i gCuid 5 den Acht maidir leis an mbunús dlíthiúil chun TCI Poiblí a oibriú. Ullmhaítear an Cód Cleachtais seo faoi alt 47 den Acht agus tugann sé tuilleadh sonraí maidir le hoibriú TCI Poiblí agus nósanna imeachta gaolmhara. Áirítear sa Chód Cleachtais forálacha a bhaineann le próiseáil sonraí, a bhailítear mar thoradh ar oibriú TCI Poiblí, i gcomhréir le reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Féadfaidh taifeadtaí agus íomhánna ar TCI Poiblí a bheith inghlactha mar fhianaise in imeachtaí coiriúla, sibhialta agus/nó araíonachta de réir alt 48 den Acht.

Ní bhaineann an Cód Cleachtais seo ach le TCI Poiblí agus ní chuimsíonn sé fothaí beo TCI nach de chuid údaráis áitiúla iad ná TCI a oibrítear ar áitreabh an Gharda Síochána.

Baineann an Cód Cleachtais seo le gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána i dtaobh TCI Poiblí a úsáid agus taifeadtaí TCI Poiblí a láimhseáil. Tá tuilleadh eolais le fáil sa doiciméad nós imeachta. Comhlíonfaidh Údaráis Áitiúla an Cód Cleachtais seo freisin mar chuid den bhonneagar TCI.

Ba cheart an Cód seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na beartais agus na nósanna imeachta gaolmhara.



1.4 Téarmaí & Sainmhínithe Iomchuí

Sainmhínítear téarmaí teicniúla agus giorrúcháin a úsáidtear ar fud an doiciméid seo sa chuid seo chun tuiscint choiteann a chinntiú trí thuilleadh sonraí a thabhairt maidir le hoibriú Chuid 5 den Acht agus an Cód Cleachtais seo.

An Téarma	Sainmhíniú
TCI	Maidir le hOibriú Chuid 5 den Acht agus an Chód Chleachtais seo, ciallaíonn sé córas teilifíse ciorcaid iata ina bhfuil feisteas amháin nó níos mó agus foláíonn sé aon chóras chun na híomhánna, aon fhuaimneanna tionlacain, nó faisnéis eile a fhaightear leis na feistí taifeadta sin a phróiseáil.
An Cód Cleachtais	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, ciallaíonn sé Cód Cleachtais arna cheadú ag an Aire le hordú faoi Chuid 8 agus foláíonn sé cuid de Chód Cleachtais.
Rialaitheoir Sonraí	Maidir le hoibriú Chuid 5 den Acht agus an Cód Cleachtais seo, is é an Rialaitheoir Sonraí aon duine a chinneann na críocha a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chucu agus conas a dhéantar iad. Is é an Garda Síochána an rialaitheoir sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear laistigh de raon feidhme agus chur i bhfeidhm an Chóid Chleachtais seo. Beidh úinéir gnó sannta ag gach scéim TCI atá údaraithe faoin gCód Cleachtais seo a bheidh freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Garda Síochána a fhreagrachtaí mar rialaitheoir sonraí.
Córas Bainistíochta Fianaise Digiteach (DEMS)	Is réiteach bogearraí-bhunaithe é seo a chuireann ar chumas eagraíochta a gcuid fianaise dhigiteach go léir a dhaingniú, a stóráil, a phróiseáil, a aisghabháil agus a bhainistiú ar feadh a saolré; agus iniúchadh agus rialuithe cuí a sholáthar chun a chinntiú go ndéantar sonraí a láimhseáil i gcomhréir le beartais cheadaithe.
Doiciméad	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, ciallaíonn sé aon cheann díobh seo a leanas: - leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile, - grianghraf, - aon fhaisnéis a stóráiltear, a chothaítear, nó a chaomhnaítear trí aon fheisteas meicniúil nó leictreonach, bíodh sí stóráilte, coimeádta nó caomhnaithe i bhfoirm inléite nó ná bíodh, agus - aon taifeadadh fuaime nó físe.
Fianaise	Tagraíonn sé seo do rud a chruthaíonn nó a bhréagnaíonn fóras áirithe; foláíonn sé míreanna atá ábhartha don chás cosanta agus/nó ionchúisimh.
Pearsanra an Gharda Síochána	Ciallaíonn seo: - baill den Gharda Síochána, nó - baill de chuid fhoireann an Gharda Síochána.
Cuspóir na Póilíneachta	Aon ghníomhaíocht a dhéantar agus é ar an intinn: cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh; ord poiblí agus sábháilteacht an phobail a dhaingniú; nó cosaint a dhéanamh i gcoinne bagairtí ar shlándáil an phobail, nó iad a chosc, i gcomhréir le feidhmeanna an Gharda Síochána atá leagtha amach in Alt 9(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.



An Téarma	Sainmhíniú
Údarás Áitiúil	Tá an bhrí chéanna leis seo agus atá leis in alt 2(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus tagraítear ann don méid seo a leanas: a) comhairle contae, b) comhairle cathrach, nó c) comhairle baile.
Gléas stórála meán	Tagraíonn sé seo d'aon fheisteas ar a stóráiltear nó ar a bhféadfar doiciméad nó doiciméid a stóráil nó a iompar. Nóta: tá sé seo difriúil ó 'Meáin inbhainte' sa mhéid is go bhféadfadh 'gléas stórála meán' mar a shainmhínítear sa téarma seo a bheith inbhainte nó neamh-inbhainte.
Ball den Gharda Síochána	Ciallaíonn sé seo "comhalta" de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
Comhalta de Chuid Fhoireann an Gharda Síochána	Ciallaíonn sé seo "comhalta d'fhoireann an Gharda Síochána" de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
Comhalta de Chuid Phearsanra an Gharda Síochána	Ciallaíonn sé seo "ball de phearsanra an Gharda Síochána" de réir bhrí alt 44 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, seachas i gCuid 6.
Aire	Tagraíonn sé seo don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.
Oibriúchán	Maidir le TCI, áirítear leis seo cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar TCI.
Sonraí pearsanta	Sainmhínítear sonraí pearsanta de réir alt 2 den Acht mar seo a leanas (a) pearsa aonair beo céannaithe, nó (b) pearsa aonair beo is féidir a chéannú ó na sonraí, go díreach nó go hindíreach, go háirithe faoi threoir na nithe seo a leanas: i. aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí maidir le suíomh nó aitheantóir ar líne, nó ii. toisc nó tosca a bhaineann go sonrach le céannacht coirp, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine aonair.
Áit phoiblí	Ciallaíonn sé seo áit a bhfuil nó a gceadaítear don phobal rochtain a fháil uirthi, bíodh sé de cheart nó le cead sainráite nó intuigthe agus bíodh sé faoi réir táille nó saor in aisce.
Feisteas taifeadta	Ciallaíonn feisteas taifeadta aon cheann díobh seo a leanas (a) feisteas nó córas atá in ann taifead a chruthú in aon mheán as a bhféadfar íomhánna amhairc (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaisteacha) nó fuaimeanna, nó an dá rud, a atáirgeadh ar aon bhealach, (b) folaíonn sé aon fheistí nó córais atá in ann an taifead a dhéantar faoi mhír (a) a phróiseáil, lena n-áirítear—



An Téarma	Sainmhíniú
	i. atáirgeadh ar aon bhealach na n-íomhánna amhairc (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaiseacha) nó na fuaimeanna lena mbaineann, ii. ANPR a úsáid i leith an taifid, nó iii. doiciméad a tháirgeadh a bhaineann leis an taifead nó leis an bpróiseáil lena mbaineann. folaíonn sé aon fheisteas nó córas dá dtagraítear i mír (a) nó (b) atá i bhfeithicil nó i struchtúr nó atá ceangailte leis.
Sonraí iomchuí	Ciallaíonn sé seo aon sonraí ábhartha a chuidíonn, nuair a úsáidtear go dleathach iad agus nuair is gá agus ar bhealach comhréireach, le sábháilteacht an phobail; le cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh; le bagairtí ar shlándáil náisiúnta nó ar shlándáil phoiblí a chosc; nó chun críocha comhairle dlí a sholáthar nó a fháil, nó chun críocha, nó i ndáil le, héilimh dhlíthiúla, héilimh dhlíthiúla ionchasacha, imeachtaí dlíthiúla nó imeachtaí dlíthiúla ionchasacha, nó cearta dlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.
Meáin inbhainte	De ghnáth, tagraíonn sé seo do fheistí stórála sonraí (amhail CD-ROM, DVD, méaróg chuimhne, nó tiomántán cruá iniompartha) is féidir a bhaint as córas ríomhaireachta gan an córas a mhúchadh chun críche sainráite doiciméad nó doiciméid a chóipeáil agus a iompar (mar shampla taifeadtaí nó grianghraif).
Struchtúr	Ciallaíonn sé seo aon fhoirgneamh, tógáil nó struchtúr eile a tógadh nó a rinneadh ar, nó i nó faoi, aon talamh, nó aon chuid de struchtúr a shainmhínítear amhlaidh.
Feithicil	Tagraíonn feithicil d'aon mhodh trína n-iompraítear nó a iompraítear aon duine nó rud, nó an dá rud, atá deartha lena úsáid nó a fhéadfar a úsáid ar tír, in uisce nó san aer, nó ar níos mó ná ceann amháin de na bealaí sin, agus folaíonn sé feithicil aeir gan fhoireann.

1.5 Treoirphrionsabail

Ní mór ceamaraí TCI agus bogearraí monatóireachta a oibriú go cothrom, go freagrach, agus meas á léiriú ar chearta daoine eile, go comhréireach, go riachtanach agus gan idirdhealú mídhleathach chun críche póilíneachta i gcomhréir leis an Acht agus leis an gCód Cleachtais seo. Forbraíodh príomhphrionsabail, atá leagtha amach thíos, d'fhonn treoir a thabhairt maidir le húsáid fhollasach feistí taifeadta digiteacha:

- Fanfaidh údaruithe arna n-eisiúint faoi alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005 bailí ar feadh suas le ceithre bliana mura ndéanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána iad a chúlghairm roimhe sin;
- Mar a thuairiscítear san Acht, is é an t-aon chuspóir nó an príomhchuspóir a bheidh le taifeadtaí agus íomhánna a ghabhtar trí TCI Poiblí ná go n-úsáidfí ball de phearsanra an Gharda Síochána, agus é/í ag gníomhú i gcúrsa a dhualgas/ a dualgaís, iad chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh; chun cosaint a dhéanamh i gcoinne bagairtí ar an tslándáil phoiblí agus chun iad a chosc, lena n-áirítear sábháilteacht an phobail agus ord poiblí a dhaingniú; nó chun slándáil an Stáit a chosaint;



- Ba cheart TCI poiblí a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun tacú le sábháilteacht an phobail agus le forfheidhmiú an dlí d'fhonn íomhánna agus faisnéis a bhfuil luach fianaiseach leo a phróiseáil;
- Agus ceamaraí TCI poiblí á n-úsáid, féadfar machnamh a dhéanamh ar chothromaíocht a dhéanamh idir an tionchar féideartha ar dhaoine aonair agus a bpríobháideacht agus an dualgas de réir an dlí choitinn atá ar phearsanra an Gharda Síochána chun gach fianaise a bhfuil baint aici nó a d'fhéadfadh baint a bheith aici le ceist na ciontachta nó na neamhchiontachta a lorg agus a chaomhnú. Ní ceNí ceart absalóideach é an ceart chun príobháideachta agus féadfaidh a fheidhmiú a bheith srianta ag cearta bunreachtúla daoine eile, lena n-áirítear an ceart chun triail chóir, ag riachtanas an leasa choitinn agus tá sé faoi réir riachtanais an ord poiblí;
- Ní mór úsáid TCI Poiblí a bheith chomh trédhearcach agus is féidir agus treoir shoiléir ar fáil do dhaoine aonair agus/nó don phobal go bhfuil taifeadadh ar siúl (mar shampla, comharthaíocht a úsáid chun an pobal a chur ar an eolas faoin suíomh TCI Poiblí);
- Tá gach taifeadadh agus íomhá a fhéachtar air, a stóráiltear, a phróiseáiltear agus a roinntear ó aon fheisteas taifeadta digiteach faoi réir reachtaíochta cosanta sonraí is infheidhme; agus
- De réir mar is iomchuí dá ról, déanfar oiliúint ar gach duine de phearsanra an Gharda Síochána maidir le húsáid TCI Poiblí, agus aithneoidh siad agus comhlíonfaidh siad beartas ábhartha an Gharda Síochána.

1.6 Samhail Chinnteoireachta An Gharda Síochána

Baineann Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána le gach cinneadh a dhéanann pearsanra an Gharda Síochána, ó eachtraí spontáineacha go hoibríochtaí pleanáilte agus dualgais laethúla go pleanáil straitéiseach.

I gcás ina bhféadfadh cásanna a bheith ann nach bhfuil clúdaithe go sainráite sa Chód seo, ba cheart do phearsanra an Gharda Síochána Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána a úsáid chun eolas a thabhairt dá ngníomhartha agus dá gcinntí maidir le húsáid feistí taifeadta digiteacha.

1.7 Róil & Dualgais

Chun a chinntiú a mhéid is féidir go ndéantar déileáil le gach ní a bhaineann le TCI Poiblí agus a úsáid ar bhealach modheolaíoch agus aonfhoirmeach, déanann an Coiste Comhairleach TCI, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána, maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm bheartas an Gharda Síochána maidir le húsáid TCI Poiblí, lena n-áirítear cothabháil an Chóid Cleachtais seo.

1.8 Bonneagar TCI

Tá TCI poiblí atá inrochtana ag an nGarda Síochána rangaithe faoi dhá chineál, mar a shainmhínítear i gCuid 5 den Acht. De réir an chineáil, conas a úsáidtear, a oibrítear agus a chothaítear TCI Poiblí.

Sa tábla thíos tá forbhreathnú ar fáil ar gach cineál:



Cineál	Cur Síos
Údarú do bhall de phearsanra an Gharda Síochána - (TCI Poiblí faoi stiúir an Gharda Síochána)	Féadfaidh comhalta de phearsanra an Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 27 den Acht ar údarú chun TCI Poiblí a shuiteáil nó a oibriú, nó chun an dá rud sin araon a dhéanamh, in aon áit shonraithe amháin nó níos mó chun críche aonair nó príomhúil áit phoiblí a thaifeadadh chun na críocha atá mionsonraithe faoi Chuid 5 den Acht. Is é an Príomh-Cheannfort atá i gceannas ar an Roinn atá freagrach as bainistíocht oibríochtúil TCI Poiblí an Gharda Síochána. Cinnteoidh na Príomh-Cheannfort go mbeidh gach ball foirne atá ceaptha chun monatóireacht a dhéanamh ar TCI Poiblí eolach ar an Cód Cleachtais seo. Beidh monatóireacht ar TCI poiblí faoi smacht na nGardaí agus déanfar monatóireacht air ó áitreabh de chuid na nGardaí. Beidh TCI á thaifeadadh i gcónaí, cibé an mbeidh sé á mhonatóiriú nó nach mbeidh.
Údarú d'Údarás Áitiúil - (TCI arna oibriú ag Údarás Áitiúil)	Féadfaidh Údarás Áitiúil iarratas a dhéanamh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 28 den Acht ar údarú chun TCI Poiblí a shuiteáil in aon áit shonraithe amháin nó níos mó chun críche aonair nó príomhúil áit phoiblí a thaifeadadh chun cabhrú leis an nGarda Síochána i ndáil leis an méid seo a leanas – <i>cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh,</i> <i>cosaint i dtaobh bagairtí ar an tslándáil phoiblí, agus iad a chosc, lena n-áirítear sábháilteacht an phobail agus an t-ord poiblí a dhaingniú, nó slándáil an Stáit a chosaint.</i> <i>Beidh an TCI Poiblí, i gcónaí:</i> <i>cloífidh sé le haon sonraíochtaí teicniúla a d'fhéadfadh Coimisinéir an Gharda Síochána nó an Roinn Dlí agus Cirt a eisiúint ó am go ham; agus</i> <i>déanfar é a shuiteáil agus a oibriú de réir an Chóid Cleachtais seo.</i>

1.8.1 TCI Poiblí a Údarú

Tugtar údarú chun TCI Poiblí a úsáid faoi Chuid 5 den Acht. Agus iarratas á dhéanamh chuig an gCoimisinéir chun TCI Poiblí a shuiteáil, cuirfidh ball de phearsanra an Gharda Síochána faisnéis ar fáil maidir le conas a shuiteálfadh nó a oibríonn siad an TCI Poiblí, nó an dá rud, nó conas a chuirfidh siad faoi deara go suiteálfar nó go n-oibreofar an TCI Poiblí, nó an dá rud, i gcomhréir le nósanna imeachta an Gharda Síochána.

Féadfaidh an Coimisinéir údarú a thabhairt d'úsáid córas TCI poiblí chun críocha póilíneachta imeachtaí sonracha. Ós rud é go dtagann an Coiste Comhairleach TCI le chéile gach ráithe chun iarratais ar scéimeanna buana TCI Poiblí a bhreithniú, déanfar iarratais a bhaineann le himeachtaí sonracha a bhainistiú trí phróiseas ar leithligh agus luathaithe. Faoin bpróiseas seo, ainmneofar úinéir gnó oibríochtúil de chéim Leas-Choimisinéara chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar chomhlánú an iarratais. Cuirfear an t-iarratas comhlánaithe faoi bhráid an Choimisinéara ansin lena bhreithniú agus lena údarú féideartha de réir nósanna imeachta an Gharda Síochána.



Féadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána údarú a athbhreithniú nó a chúlghairm mar atá leagtha amach in Alt 32 den Acht. Forálann an tAcht freisin go ndéanfar leasuithe nó breisithe áirithe ar TCI Poiblí mar atá leagtha amach in Alt 31 den Acht.

Forálann an tAcht go bhfuil duine a oibríonn TCI Poiblí gan údarú, a mhainníonn cloí le téarmaí an údaráithe, nó a chuireann isteach ar oibriú TCI Poiblí gan údarás dleathach, ciontach i gcion mar a leagtar amach in Alt 35 den Acht.

1.8.2 Comharthaíocht TCI Poiblí

Is é cuspóir TCI Poiblí gníomhú mar dhíspreagadh agus coireacht a chosc. Cuirfear suas líon leordhóthanach comharthaíochta lena chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas go bhfuil siad ag dul isteach i limistéar atá clúdaithe ag TCI Poiblí. Ba chóir go mbeadh na comharthaí seo le feiceáil go soiléir agus inléite ag baill den phobal. Beidh comharthaí den sórt sin i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

1.8.3 Critéir TCI Poiblí

Sula ndéantar iarratas ar TCI Poiblí nua, nó sula ndéantar athruithe ar TCI Poiblí atá ann cheana, ba cheart don Úinéir Gnó Freagrach don scéim TCI na nithe seo a leanas a bhreithniú:

Cuspóir	- An bhfuil cuspóir soiléir sainmhínithe ann maidir le TCI Poiblí a shuiteáil? - Cad iad na breathnuithe atá beartaithe a ghabháil? - An chun críocha slándála amháin atá an TCI poiblí le húsáid? - Mura bhfuil, an féidir na cuspóirí eile a chosaint? - An mbeidh úsáid na sonraí pearsanta a bhailíonn an TCI Poiblí teoranta don chuspóir bunaidh sin?
Dlíthiúlacht	- Cad é an bunús dlíthiúil le húsáid TCI Poiblí? - An bhfuiltear ag brath ar an mbunús dlí is iomchuí?
Riachtanas	- An féidir a léiriú go bhfuil TCI Poiblí riachtanach chun an sprioc a bhaint amach? - An bhfuil réitigh eile breithnithe nach mbailíonn sonraí pearsanta duine aonair trína ngluaiseachtaí agus a ngníomhartha a thaifeadadh ar bhonn leanúnach?
Comhréireacht	- Caithfidh comhréireacht cothromaíocht a bhaint amach idir ceart duine aonair agus ceart bhaill den phobal ar phríobháideacht faoin mBunreacht agus faoi Airteagal 8 ag an suíomh ina bhfuil sé beartaithe TCI Poiblí a shuiteáil, agus na buntáistí a bhaineann le TCI Poiblí a bheith san áit sin chun na gcríoch a suiteálfar é. - An bhfuil cuspóir chur i bhfeidhm an TCI Poiblí níos tábhachtaí ná cearta príobháideachta na ndaoine a bhféadfadh tionchar a bheith orthu?
Sábháilteacht	- Cad iad na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil taifeadtaí TCI poiblí sábháilte agus slán, go teicniúil agus go heagraíochta araon? (e.g. rialuithe rochtana fisiciúla agus leictreonacha ar limistéir monatóireachta agus stórála TCI, úsáid feistí taifeadta eile a dhíspreagadh, srl.). - Cé a mbeidh rochtain acu ar thaifeadtaí TCI Poiblí san eagraíocht? - Conas a dhéanfar é seo a bhainistiú agus a thaifeadadh?
Príobháideacht	- Cad iad na coimircí is féidir a ionchorprú i gcórais chun cearta príobháideachta a fheabhsú, lena n-áirítear socruithe uathoibríocha do cheamaraí cas is claon agus súmáil chun fillleadh ar a suíomhanna réamhshocráithe. - Cén cineál mascála príobháideachta is féidir a chur i bhfeidhm chun áitribh phríobháideacha a cheilt a ghabhtar laistigh de réimse radhairc na gceamaraí atá ag monatóireacht spás poiblí?



Coinneáil	Comhlíonfar an beartas maidir le taifeadtaí TCI poiblí a choinneáil agus coinneofar iad ar feadh 31 lá ar a mhéad mura bhfuil gá leo chun críocha fianaise nó imscrúdaithe.
Iniúchadh	Ba cheart go mbeadh sásraí éifeachtacha athbhreithnithe agus iniúchóireachta ann chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla, beartais agus caighdeáin i gcleachtas.
Oiliúint	Ba cheart go mbeadh oiliúint leordhóthanach ag oibreoirí TCI, agus aird á tabhairt ar aon chaighdeáin oibríochtúla, teicniúla agus inniúlachta ceadaithe a bhaineann le TCI Poiblí agus lena chuspóir; agus ba cheart dóibh na caighdeáin sin a chomhlíonadh agus a chothabháil.
Trédhearcacht	- Conas a chuirfear baill den phobal ar an eolas go bhfuil a n-íomhánna á dtaifeadadh agus conas a chuirfear faisnéis eile ar fáil dóibh a theastaíonn faoi oibleagáidí trédhearcachta? - An ndearnadh machnamh ar na bealaí trína bhféadfaidh siad tuilleadh eolais a iarraidh nó cóip de thaifeadadh a iarraidh?

Cuirfear iarratais ar TCI Poiblí agus doiciméid ghaolmhara ar aghaidh tríd an bPríomh-Cheannfort atá i gceannas ar an Roinn chuig an Coimisinéir Cúnta um Póilíneacht Bóithre agus Rannpháirtíocht Pobail (RPCE). Déanfaidh an Coiste Comhairleach um TCI measúnú ar iarratais ar TCI Poiblí. Cuirfidh an Coiste a moltaí ar aghaidh chuig an Coimisinéir Cúnta um Póilíneacht Bóithre agus Rannpháirtíocht Pobail. Cuirfidh an Coimisinéir Cúnta um Póilíneacht Bóithre agus Rannpháirtíocht Pobail cinneadh an Choiste ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena bhreithniú maidir le húdarú foirmiúil.

Déanfar iarratais a bhaineann le himeachtaí sonracha a bhainistiú trí phróiseas ar leithligh agus luathaithe. Faoi bpróiseas seo, ainmneofar úinéir gnó oibríochtúil de chéim Leas-Choimisinéara chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar chomhlánú an iarratais. Cuirfear an t-iarratas comhlánaithe faoi bhráid an Choimisinéara ansin lena bhreithniú agus lena údarú féideartha de réir nósanna imeachta an Gharda Síochána.

2. Rúndacht, Slándáil, Stóráil, Rochtain, Coinneáil & Scríosadh Sonraí

Tugann an chuid seo forbhreathnú ar bhonneagar TCI Poiblí agus treoir maidir le láimhseáil agus bainistiú taifeadtaí TCI Poiblí agus íomhánna a fhaightear ó TCI Poiblí chun tuiscint choiteann a chinntiú trí thuilleadh sonraí a thabhairt i ndáil le hoibríú Chuid 5 den Acht agus an Chóid Cleachtais seo.

2.1 Gabháil agus Cáilíocht Sonraí

Ní mór cloí le prionsabail bhunúsacha cothabhála agus cáilíochta, mar shampla:

- Ba cheart an trealamh, lena n-áirítear ceamaraí, atá in úsáid chun ábhar íomhá a ghabháil a chothabháil agus a sheirbhísiú go leibhéal ina gcomhlíonann cáilíocht na n-íomhánna taifeadta an caighdeán a cheanglaítear leis an tsonraíocht theicniúil;
- Ba chóir ceamaraí a chosaint ar loitiméireacht lena chinntiú go bhfanfaidh siad ag obair i gceart;
- Ba cheart feistí stórála meán a dhearadh agus a chothabháil go leormhaith chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad mar is gá agus go soláthraíonn siad na sásraí aisghabhála sonraí is gá i gcás teipe;
- Ba chóir ceamaraí a shuíomh sa chaoi is go ngabhfaidh siad íomhánna a bhaineann leis an gcuspóir ar bunaíodh an TCI Poiblí ina leith. Ina theannta sin, ba cheart ceamaraí a shuíomh sa chaoi is go gcuirfí teorainn leis an gcur isteach ar cheart príobháideachta bhaill den phobal agus go gcuirfí masc ar áiteanna cónaithe príobháideacha mar chosaint ábhartha, rud a bheidh comhsheasmhach leis an gcuspóir a bhaint amach;



- Má dhéantar damáiste do cheamara, ní mór é seo a thuairisciú ionas gur féidir deisiúcháin a dhéanamh.
- Coinneoidh an Príomh-Cheannfort atá i gceannas ar an Roinn taifead cuí ar éifeachtacht an TCI Poiblí, lena n-áirítear log cothabhála.

2.2 Rúndacht Sonraí, Slándáil, Rochtain & Amharc

Ní cheadaítear rochtain ach do dhaoine aonair atá údaraithe ag an Úinéir Gnó Freagrach don scéim TCI ar limistéir monatóireachta agus ar na gléasanna stórála meán a úsáidtear sa TCI Poiblí. Ní mór féachaint ar gach taifeadadh agus iad a bhainistiú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí agus Códe Eitice an Gharda Síochána. Tá ar oibreoirí a chinntiú go bhfuil gach úsáid a bhaintear as an TCI Poiblí iomchuí, údaraithe ar mhaithe le leas an phobail agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais seo.

Más rud é go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar TCI Poiblí, ní bheidh rochtain air ach ag pearsanra an Gharda Síochána atá údaraithe ag an bPríomh-Cheannfort atá i gceannas ar an Roinn. Ní mór d'aon phearsanra de chuid an Gharda Síochána a úsáideann an tsaoráid athbhreithnithe iontráil a chomhlánú i ndoiciméid oifigiúla, lena n-áireofar údarú an bPríomh-Cheannfort freisin.

Chun críocha suiteála agus/nó cothabhála, cuirfidh Úinéir an Ghnó Fhreagraigh srian ar rochtain ar na híomhánna TCI Poiblí taifeadta do dhuine nó do dhaoine ainmnithe a ndearnadh grinnscrúdú Garda orthu (Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána). I gcás eagraíochtaí a fhostaítear chun cabhrú le suiteáil agus/nó cothabháil na scéime TCI mar phróiseálaí sonraí, cuirfear rialuithe conarthacha iomchuí i bhfeidhm chun rúndacht an chórais agus comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí a chinntiú. Níor cheart cead a thabhairt do dhaoine eile rochtain a fháil ar an limistéar sin.

2.2.1 Grinnfhiosrúchán

Chun a chinntiú maidir le haon fhostaithe de chuid an Údaráis Áitiúil lena mbaineann atá bainteach le suiteáil, oibriú, nó leis an dá rud sin araon, an TCI Poiblí gur dea-charachtair é nó í, agus go bhfanfaidh sé nó sí amhlaidh; féadfaidh an Coimisinéir faisnéis grinnfhiosrúcháin a iarraidh maidir leis na daoine sin ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ag aon chéim.

2.3 Rochtain ar Íomhánna TCI Poiblí agus Nochtadh Íomhánna TCI Poiblí do Thrú Páirtithe

Beidh rochtain ar íomhánna TCI Poiblí srianta ag an bhfoireann sin a bhfuil gá acu le rochtain ar an TCI Poiblí. Déanfaidh Úinéir an Ghnó Fhreagraigh, nó pearsanra ainmnithe de chuid an Gharda Síochána atá ag gníomhú thar a cheann, gach iarratas rochtana ar fheistí stórála meán ar a dtaifeadtar íomhánna a dhoiciméadú.

Níor cheart íomhánna TCI Poiblí taifeadta a nochtadh do thrú páirtithe ag an nGarda Síochána ach amháin i gcúinsí teoranta, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh):

- tar éis iarratas foirmiúil ó phearsanra an Gharda Síochána chun íomhánna a nochtadh ar an mbonn go bhfuil seans ann go mbeidh na híomhánna úsáideach chun cion áirithe a imscrúdú;
- ceanglas faoi aon achtachán, riail dlí nó ordú cúirte chun na híomhánna a nochtadh;
- más gá sin ag ionadaithe dlíthiúla Úinéir an Ghnó Fhreagraigh i gcás ina bhfuil imeachtaí dlí á dtionscnamh i gcoinne an oibreora;



- eagraíochtaí meán, i gcás ina gcinntear go bhfuil cúnamh an phobail ag teastáil chun cabhrú le híospartach, finné nó déantóir coire a aithint i ndáil le teagmhas coiriúil. Mar chuid den chinneadh sin, ba cheart mianta íospartach teagmhais a bhreithniú; agus
- daoine a bhfuil a n-íomhánna taifeadta agus coinnithe (mura ndéanfadh nochtadh don duine aonair dochar do fhiosrúcháin choiriúla nó d'imeachtaí coiriúla).

2.4 Úsáid agus Rialachas Sonraí

2.4.1 Rialaitheoir Sonraí Iomchuí

Is é an Garda Síochána an rialaitheoir sonraí i leith aon sonraí pearsanta a ghabhtar ar TCI Poiblí a riarann pearsanra an Gharda Síochána.

2.4.2 Rialachas agus Comhlíonadh

Éilíonn bainistíocht éifeachtach TCI Poiblí go:

- Is é freagracht an Phríomh-Cheannfort atá i gceannas ar an Roinn bainistíocht fhoriomlán TCI Poiblí agus an ceanglas cloí leis an gCód Cleachtais;
- Ní mór rochtain ar thaifeadtaí agus ar an limistéar monatóireachta a bheith i gcomhréir leis an gCód Cleachtais agus déanfar iad a thaifeadadh agus a mhonatóiriú; agus
Ní mór an doiciméadacht oibríochtúil a theastaíonn chun TCI Poiblí a rith a fhorbairt ón gCód Cleachtais seo agus a nascadh go sonrach leis.

Tá sé éigeantach do gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána cloí leis an gCód Cleachtais seo agus leis an doiciméad/na doiciméid ghaolmhara. Baineann sé le hoifigigh póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht chuig an nGarda Síochána faoi fhorálacha alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus i gcomhréir le halt 94 d'Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

2.5 Coinneáil & Diúscairt Sonraí

Níor cheart don Rialaitheoir Sonraí íomhánna TCI poiblí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Is é beartas an Gharda Síochána ná nach gcoimeádfar íomhánna TCI poiblí ar feadh níos mó ná 31 lá mura bhfuil forais shonracha, dlisteanacha agus réasúnta ann chun íomhánna a choinneáil níos faide ná an tréimhse sin. Ní mór TCI poiblí a chumrú sa chaoi is go scriosfar íomhánna taifeadta go huathoibríoch tar éis uastréimhse 31 lá mura bhfuil gá leis chun críocha imscrúdaithe cionta nó chun críocha fianaise.

Leagtar amach sa mhaitrís thíos na gnéithe slándála, na beartais choinneála, agus na rabhaidh láimhseála atá ábhartha do gach cineál taifeadta atá cumhdaithe faoi Chuid 5 den Acht.



Foirmeacha taifeadtaí / íomhánna	Marcálacha	Treoracha láimhseála	Comhiomlánú sonraí	Ceanglais Iniúchta	Tréimhse choinneála (i gcás nach gá í a choinneáil chun críocha imscrúdaithe)
TCI Poiblí faoi stiúir an Gharda Síochána	Oifigiúil - Rúnda	Ní féidir rochtain a fháil air ach ag pearsanra atá údaraithe ag úinéir an ghnó iomchuí i ndáil leis an gcóras TCI.			Uasmhéid 31 lá (Caighdeánach) Faoi réir athbhreithnithe rialta i gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta.
TCI Poiblí arna oibriú ag an Údarás Áitiúil	Oifigiúil - Rúnda	Déantar rochtain ar fhíseáin bheo a bhainistiú trí chomhaontú rialaitheora comhpháirtigh leis an údarás áitiúil ábhartha, agus i gcás ina n-éilíonn an Garda Síochána cóip den fhíseán i ndáil le himscrúdú ar leith, iarrtar é seo i gcomhréir le beartas na heagraíochta maidir le hiarratais ar shonraí ó rialaitheoirí sonraí tríú páirtí.	Trastagairt le foinsí sonraí eile, Féadfar meiteashonraí a úsáid chun faisnéis fhianaiseach a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a anailísiú agus a ghabháil.	Próiseas uathoibrithe is gá faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí chun rochtain ar chomhaid a logáil – ábhartha maidir le haon sonraí atá stóráilte i gcóras próiseála uathoibrithe Athbhreithniú ar choinneáil leanúnach ag eatraimh rialta.	Uasmhéid 31 lá (Caighdeánach) Faoi réir athbhreithnithe rialta i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha.

2.6 Oiliúint Foirne

Déanfaidh pearsanra den Garda atá oilte go cuí monatóireacht agus rialú ar thaispeántais scáileáin. Cuirfear clár oiliúna i bhfeidhm don phearsanra sin lena chinntiú go bhfuil siad inniúil in úsáid TCI Poiblí agus go gcuirfear a úsáid ar an eolas dóibh.

3 Cearta Ábhar Sonraí

3.1 Comhlíonadh Cosanta Sonraí

De réir Alt 8(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leanann an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (arna leasú) de bheith i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha slándála Stáit, agus tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha nach críocha forfheidhmithe dlí iad. Agus taifeadtaí digiteacha á bpróiseáil a bhaineann leis an gCód Cleachtais seo (lena n-áirítear socruithe maidir le rochtain, stóráil agus coinneáil taifeadtaí), cinnteoidh an Garda Síochána go gcomhlíontar an creat reachtaíochta ábhartha agus infheidhme maidir le cosaint sonraí don phróiseáil lena mbaineann.

3.2 Rochtain ag Ábhair Sonraí

Cinnteoidh an Garda Síochána gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú mar atá leagtha amach faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Tá Aonad um Chosaint Sonraí tiomnaithe ag an nGarda Síochána a bhainistiú iarratais ar rochtain ábhair faoi reachtaíocht um chosaint sonraí thar ceann na

An Garda Síochána Leathanach 13



heagraíochta. Cinntíonn an tAonad um Chosaint Sonraí go ndéantar iarratais ar rochtain ar ábhair a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais agus na hamlínte a shonraítear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Áirítear leis seo athbhreithniú ar ábhar ábhartha i ndáil le hiarratas, lena n-áirítear taifeadtaí digiteacha, chun a chinntiú go gcuirtear na redactions nó na srianta cuí i bhfeidhm, de réir mar is gá, chun cearta cosanta sonraí tríú páirtithe a chosaint; nó, i gcás inar beart riachtanach agus comhréireach é faoi reachtaíocht um chosaint sonraí, lena n-áirítear chun na gcríoch atá leagtha amach faoi alt 94 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

3.3 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

I gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí, cinnteoidh an Garda Síochána go ndéanfar Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí i ndáil le gach scéim TCI Poiblí laistigh de raon feidhme an Chóid Cleachtais seo mar chuid den phróiseas údaraithe do gach scéim. Áireofar ar Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí le haghaidh scéimeanna TCI Poiblí cur síos ginearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe; measúnú ar na rioscaí féideartha do chearta agus do shaoirsí ábhar sonraí mar thoradh ar an bpróiseáil atá beartaithe; agus cur síos ar na coimircí, na bearta slándála agus na sásraí atá le cur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú. Áireofar sna bearta sin beartais agus nósanna imeachta inmheánacha ábhartha, lena n-áirítear an Cód Cleachtais seo, agus bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuirtear i bhfeidhm maidir le réitigh theicneolaíocha a úsáideann an Garda Síochána chun taifeadtaí digiteacha a ghabháil, a phróiseáil, a stóráil agus a bhainistiú.

4 Chaighdeán & Tiomantas Eiticiúla

Leagtar amach i gCód Eitice an Gharda Síochána treoirphrionsabail chun eolas agus treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí pearsanra uile an Gharda Síochána ag gach leibhéal den eagraíocht. Deir an Cód Eitice go gcaithfidh Pearsanra an Gharda Síochána faisnéis a chuirtear ar fáil don Gharda Síochána a láimhseáil le meas agus i gcomhréir leis an dlí. Cosnaíonn sé seo cearta na ndaoine a sholáthraíonn faisnéis agus cearta na ndaoine a dtagraíonn an fhaisnéis dóibh.

4.1 Údarás Formheasa

An tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce; agus an Roinn Dlí agus Cirt.

4.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú agus leasú ar an gCód Cleachtais seo, nuair is iomchuí, agus i gcomhréir le forálacha Chuid 8 d'Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) 2023.

4.3 Comhairliúchán

Tá an Garda Síochána tar éis dul faoi phróiseas comhairliúcháin, i gcomhréir le forálacha Chuid 8 d'Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) 2023, chun an Cód Cleachtais seo a fhorbairt.

4.4 Foilsiú

Tá an doiciméad seo ar fáil don phobal.



DRAFT

